

dlr
times

FÓMHAR 2021

FÉACH ISTEACH

**Dréachtchlár na
dTogthóirí**

Seimineár Gréasáin
maidir le hUasghrádú
Saor in Aisce
d'Fhuinneamh Baile

**Ruairí Mac
Easmainn ina
sheasamh**



 **dlr**
Comhairle Contae County Council

EOLÁS AGUS NUACHT Ó CHOMHAIRLE CONTAE DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

féach isteach

DEALBH RUAIRÍ MHC EASMAINN 03

NUACHT DLR

Dréachtchlár na dToghthóirí 04

Open House Bhaile Átha Cliath 2021 05

Seimineár Gréasáin maidir le hUasghrádú ar Fhuinneamh Baile 05

GNÓ DLR

Green for Micro 06

Nuacht d'Íocóirí Cánach 06

TURASÓIREACHT dlr

Eastáit Bhán an Aeir 07

Comórtas na Siúlóide Taibhsí san Fhóraois... 07

Téigh ag Seoltóireacht i gCuan Átha Cliath ... 07

PRÓIFÍL FOIRNE dlr

Brian O'Donnell 08

EOLAS DON PHOBAL dlr

Campaí Samhraidh SportsAbility 2021 08

Fís um Fholláine an Phobail 09

IMEACHTAÍ EALAÍON AGUS LEABHARLANN dlr

Club Leabhar 10

Féile Leabhar na bPáistí 2021 10

Cad atá ar siúl sa Ghailearaí Bardasach ... 11

DO CHOMHAIRLEOIRÍ dlr 12

Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

Áras an Chontae, Bóthar na Mara, Dún Laoghaire, Co. Bhaile Átha Cliath, Éire. A96 K6C9

TEILEAFÓN: 01 205 4700

RÍOMHPHOST: info@dlrcoco.ie

Oifig Ceantair Áitiúil Dhún Droma

Páirc Oifige Dhún Droma, An tSráid Mhór, Dún Droma, D14

Luan – Aoine 9:30am go 12:30pm agus 1:30pm go 4:30pm

TEILEAFÓN: 01 205 4880

RÍOMHPHOST: info@dlrcoco.ie

dlrcoco.ie

dlrtourism.ie | events.dlrcoco.ie
libraries.dlrcoco.ie

Arna phriontáil in Éirinn ar pháipéir a fuarthas go hinbhuanaithe. Athchúrsáil i ndiaidh úsáide.

Arna dhearadh ag dlr

@dlrcc

dlrcoco.ie

DunLaoghaireRathdownCountyCouncil

Más mian leat dlr times a fháil ar an ríomhphost, déan teagmháil linn ar: commsoffice@dlrcoco.ie

Tá dlr times ar fáil as Gaeilge – dlrcoco.ie/dlrtimes



Teachtaireacht ón gCathaoirleach

Fáilte chuig eagrán an Fhómhair den dlr Times, ina leagtar béim ar na tionscnaimh a bhí ar siúl i rith an tSamhraidh agus atá beartaithe ag dlr tráth seo na bliana. Agus an tír ag athoscailt, tugtar breac-chuntas san eagrán seo ar roinnt tacaíochtaí atá ar fáil do ghnólachtaí, amhail an scéim chun feabhas a chur ar aghaidheanna siopaí, tacaíochtaí do ghnólachtaí glasa agus tacaíochtaí deontais d'íocóirí rátaí.

Cuirtear eolas ar fáil san eagrán seo faoi phróiseas an chomhairliúcháin phoiblí chun Ráiteas Físe um Fholláine an Phobail a chruthú dár gcontae. Cuirtear sonraí ar fáil freisin faoi imeachtaí 'Open House' a bheidh ar siúl ar fud an chontae, agus is féidir leat píosa a léamh maidir lenár Roinn Ailtireachta a ainmníodh do Dhuais 2022 an Aontais Eorpaigh le haghaidh na hAiltireachta Comhaimseartha dá tionscadail comhfhobartha áite.

Is féidir leat píosa a léamh faoi na Campaí 'Sportsability' a bhí ar siúl i rith an tsamhraidh agus a chuir ar chumas páistí, atá faoi mhíchumais éagsúla, páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí uisce i gCuan Dhún Laoghaire.

Ar deireadh, is féidir leat píosa a léamh faoin dealbh iontach nua de Ruairí Mac Easmainn a cuireadh isteach le déanaí ag Folcadáin Dhún Laoghaire.

AN CLR. LETTIE MCCARTHY



Teachtaireacht ó Phríomh-fheidhmeannach Eatramhach dlr

Fáilte chuig eagrán Fhómhair 2021 den dlr Times. Tá mé sásta go bhfuilimid ag teacht amach as na srianta riachtanacha a bhain le COVID-19 le cúpla seachtain anuas. Agus na seirbhísí poiblí agus foirgnimh phoiblí á n-oscailt arís, agus na scoileanna ag teacht ar ais, táimid ag cuimhneamh ar roinnt de na nósanna a bhí againn sa saol roimh Covid.

Tá an tionscadal ag Folcadáin Dhún Laoghaire, cois an chósta, ag dul ar aghaidh agus cuirtear crích leis san Earrach 2022. Bhí sé d'onóir againn le déanaí dealbh iontach de Ruairí Mac Easmainn a chur isteach ag an láithreán. Tá an Chomhairle seo an-bhródúil as ceiliúradh a dhéanamh ar Mhac Easmainn, a bhí ceannródaíoch ó thaobh a mheoin agus a luachanna de, luachanna ar féidir linn ar fad bheith ag dréim leo; léigh tuilleadh maidir leis an duine iontach suimiúil stairiúil seo agus an dul chun cinn is déanaí ar an tionscadal laistigh.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoi thacaíochtaí leanúnacha do ghnólachtaí áitiúla agus an dóigh a bhfuilimid ag glacadh páirte in 'Open House' arís, is é sin an taispeántas bliantúil d'ailtireacht, oidhreacht thógtha agus caomhnú fuinnimh.

Bain taitneamh as an irisleabhar...

TOM MCHUGH

Margaí na Comhairle Contae

PÁIRC AN PHOBAIL & DLR

LEXICON, Dún Laoghaire
Domhnach 11am-4pm

PÁIRC M HARLAÍ

Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 16

Satharn 10am-4pm agus Domhnach 11am-4pm

UIMHREACHA TEILEAFÓIN ÉIGEANDÁLA

Lasmuigh de Ghnáthuaireanta: 01 677 8844
[i ndiaidh 5pm agus an deireadh seachtaine]

Daoine gan Dídean: 1800 724 724
[seirbhísí iar-ama]

Uisce Éireann: 1850 278 278
[24 uair an chloig]

Páirc-eanna dlr



PÁIRC NA CARRAIGE DUIBHE

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain
Oscailte

PÁIRC CHÁBÁN TSÍLE

UAIREANTA OSCAILTE: M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. 8am go 7pm | Samh. – Ean. 8am go 5pm | Feabh. 8am go 6pm | Márta 8am go 7pm | Aib. 8am go 8pm | Beal. – Lun. 8am go 10.30pm

PÁIRC NA BHFIANNA

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain
Oscailte

PÁIRC AGUS GAIRDÍNÍ CHNOC NA RAITHÍNÍ

UAIREANTA OSCAILTE: 9am - 6pm

PÁIRC CHILL BHEAGÓIGE

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain
Oscailte

PÁIRC CHNOC CHILL INÍON LÉINÍN

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain
Oscailte

PÁIRC M HARLAÍ

UAIREANTA OSCAILTE: M. Fómh. 9am go 8pm | D. Fómh. 9am go 6pm | Samh. – Ean. 9am go 5pm
Feabh. – Márta 9am go 6pm | Aib. 9am go 9pm | Beal. – Lún. 9am go 10pm

PÁIRC AN PHOBAIL

UAIREANTA OSCAILTE: Noll. – Márta 8am go 4.30pm
Aib. – Beal. 8am go 7.30pm | Meith. – M. Fómh. 8am go 8pm | D. Fómh. – Samh. 8am go 7.30pm

PÁIRC SHEANGÁNAÍ

UAIREANTA OSCAILTE: Rochtain
Oscailte

Eolas faoi athchúrsáil



PÁIRC ATHCHÚRSÁLA BHAILE UÍ ÓGÁIN

Bóthar Bhaile Uí Ógáin

TEILEAFÓN: 01 291 3600
UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Aoine 8.30am go 5.30pm, Sath. 9.30am go 5.30pm | Domh./Lá Saoire Bainc 10.30am go 5.30pm.

DÚNTA: Oíche Nollag – Lá Fhéile Stíofáin, Lá Caille, Domhnach Cásca.

IONAD ATHCHÚRSÁLA PHÁIRC ÉIDIN

Bóthar Chnoc an tSamhraidh, Glas Tuathail

UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Déar. 8.30am go 4pm

Aoine – Sath. 8.30am go 3.30pm.

DÚNTA: Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

IONAD ATHCHÚRSÁLA SHEANGÁNAÍ

Carrchlós na Reilige, Seanchill

UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Déar. 8.30am go 4pm

Aoine – Sath. 8.30am go 3.30pm.

DÚNTA: Domhnach, Lá Saoire Bainc, Lá Saoire Poiblí.

Leabharlanna dlr



dlr Lexicon

Ardán Haigh, Dún Laoghaire

TEIL: 01 280 1147

UAIREANTA OSCAILTE: Luan – Déar.

9.30am – 8pm

Aoine go Sath. 9.30am – 5pm | Domh.

12pm – 4pm

AN CHARRAIG DHUBH

Halla Baile na Carraige Duibhe, An tSráid Mhór

TEIL: 01 288 8117

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad.,

Aoine agus Sath. 10am – 1pm,

2pm – 5pm | Máirt agus Déar.

1.15pm – 8pm

CÁBÁN TSÍLE*

Seanbhóthar Bhré, Cábán tSÍle

TEIL: 01 285 5363

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad.,

Aoine* agus Sath.* 10am – 1pm, 2pm –

5pm | Máirt agus Déar. 2pm – 8pm

DEILGINIS

Sráid an Chaisleáin, Deilginis

TEIL: 01 285 5317

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad.,

Aoine agus Sath. 10am –

1pm, 2pm – 5pm | Máirt agus Déar.

1.15pm – 8pm

GRÁINSEACH AN DÉIN

Céide Chluain Caoin, Gráinseach an Déin

TEIL: 01 285 0860

UAIREANTA OSCAILTE: Luan 10am –

5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm | Aoine

agus Sath. 10am – 5pm. Féinseirbhís *My*

Open Library 8am-10pm,

7 lá na seachtaine, deirí seachtaine saoire

bainc san áireamh.

DÚN DROMA

Bóthar Bhaile an Teampaill

Uachtarach, Dún Droma

TEIL: 01 298 5000

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Aoine

agus Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm |

Máirt go Déar. 10am – 8pm

SEANCHILL*

Bóthar na Leabharlainne, Seanchill

TEIL: 01 282 3081

UAIREANTA OSCAILTE: Luan, Céad.,

Aoine* agus Sath.* 10am – 1pm, 2pm –

5pm | Máirt agus Déar. 2pm – 8pm

STIGH LORGAN

Páirc Lorcáin, Stigh Lorgan

TEIL: 01 288 9655

UAIREANTA OSCAILTE: Luan 10am –

5pm | Máirt go Déar. 10am – 8pm | Aoine

agus Sath. 10am – 1pm, 2pm – 5pm

* Leabharlanna a bhfuil *réiltín* leo, bíonn siad ar oscailt ar an Aoine nó ar an Satharn – déan teagmháil leo chun tuilleadh sonraí a fháil.

- Bíonn gach leabharlann dúnta ar an Satharn, ar an Domhnach agus ar an Luan ar dheirí seachtaine saoire bainc. Bíonn Leabharlann Ghráinseach an Déin ar oscailt i mód *My Open Library*.

Fáilte abhaile, Ruairí Mac Easmainn



I mí Mheán Fómhair, cuireadh Dealbh Ruairí Mhic Easmainn isteach ag Folcadáin Dhún Laoghaire, tionscadal atá á thógáil.

Rugadh Mac Easmainn i gCuas an Ghainimh i 1864, agus ba dhuine de na hÉireannaigh ba shuimiúla é sa ghlúin sin. Bhí sé ina fheachtasóir ar son chearta na ndaoine, agus cuireadh chun báis é níos déanaí mar gheall ar an lámh a bhí aige in Éirí Amach 1916. Agus é ag fágáil chun dul os comhair na cúirte i Londain, fuair sé a radharc deireanach d'Éirinn agus an bád ag fágáil Dún Laoghaire, gar don áit a rugadh é.

Chuaigh sé le Seirbhís Choilíneach na Breataine agus é óg agus rinne sé imscrúduithe ar chearta daonna san Afraic, agus níos déanaí ar aghaidh thuairiscigh sé an drochíde a tugadh d'oibrithe i Meiriceá Theas. Rinneadh ridire de as an obair seo in 1911 ach mhéadaigh an spéis a bhí aige i náisiúnachas na hÉireann. D'éirigh sé as a phost san Oifig Gnóthaí Eachtracha i 1913 chun cur leis an bhfeachtas ar son neamhspleáchas na hÉireann. Chuaigh sé go Meiriceá ar dtús, agus ansin go dtí an Ghearmáin chun tacaíocht a fháil don Éirí Amach. I ndiaidh dó teacht i dtír i gCiarraí ar Aoine Chéasta 1916, gabhadh é, fuarthas ciontach é in ardréas agus cuireadh chun báis é i Londain ar an 3 Lúnasa.

Choimisiúnaigh dlr an dealbh chré-umha leis an dealbhóir, Mark Richards, in 2016 i ndiaidh comórtas oscailte. Tá pleananna á ndéanamh chun ceiliúradh a dhéanamh ar fhilleadh Mhic Easmainn ar a bhaile dúchais nuair a osclófar an láithreán san athbhliain.

Tionscadal Fholcadáin Dhún Laoghaire

Tá go leor oibre déanta ag láithreán Fholcadáin Dhún Laoghaire. Ceapadh go gcuirfí i gcrích é faoi mhí na Nollag 2021, ach de bharr Covid, agus nithe eile a bhain leis an láithreán, is dócha go gcuirfear i gcrích go déanach é san Earrach 2022. Nuair a bheidh sé críochnaithe, cuirfidh an tionscadal le húsáid phoiblí na háite. An costas measta reatha ná €13.5 milliún, costas a chlúdaíonn athchóiriú Phailliún reatha na bhFolcadán, lamairne nua a thógáil ionas go mbeidh rochtain éasca ar an uisce le haghaidh snámha, agus bealach nua a chruthú idir Baile Nua Mhic Gabhann agus an Ché Thoir. Beidh an bealach siúil seo ar leibhéal a chruthóidh siúlóid shlán shábháilte, a mbeidh leathanradhairc aige ar Bhá an Albanaigh. Tiocfaidh cruth na siúlóide seo leis an gcladach creagach bunaidh agus suíomh an tseanbhataire a bhí ar an láthair sin. Beidh pointí suite agus radhairc ar an mbealach siúil agus déanfar an talamh taobh leis an tsiúlóid a athghrádú chun spásanna claonta féir a chruthú. Tá athchóiriú an ghaiséabó bheag stairiúil, atá ar an mbealach seo, mar chuid den scéim.



Rinneadh athchóiriú mór ar an seanfhoirgneamh Pailliún chun stiúideonna a chur isteach d'ealaíontóirí agus chun dánlann agus caifé a chur isteach óna bhfuil radharc ar Bhá an Albanaigh. Tá athchóiriú á dhéanamh ar bhealach isteach bunaidh na bhFolcadán ar Ardán Windsor chun rochtain a chur ar fáil ar an bhfoirgneamh agus beidh áit suíocháin dheas ar fáil lasmuigh den chaifé nua chun bheith ag amharc, ag ithe agus ag ligean scíth. Beidh seomra athraithe clúidíní nua sna leithris poiblí sa Phailliún agus beidh úsáideoirí cathaoireacha rothaí in ann iad seo a úsáid freisin.



Draft Register of Electors for 2022-2023

The Register of Electors comes into force on 15 February each year and is used at each election and referendum held in the succeeding 12 months.

The Draft Register of Electors for 2022 – 2023 is now being prepared. It will be published online on www.voter.ie on 1 November 2021 and will be available for inspection in our offices in Dún Laoghaire and Dundrum, in our libraries and also in post offices within our area.

Applications for entry to the Register of Electors 2022-2023 closes on 25 November.

It is important that you check that your details / voting status are correct and that you are registered only once.

Following the publishing of the Draft Register any person may submit a claim to have a correction made to their details on the Draft Register, including a claim to have the name of a person added to, or deleted from, on or before 25 November 2021.

All application forms for the Register of Electors, including a change of citizenship, are included on our website www.dlrcoco.ie

If you have any queries, please contact us on 01-2054880 or by email registerofelectors@dlrcoco.ie

You can check your details online at www.voter.ie

Right to vote

- Be at least 18 years of age on the day the Register comes into force
- You must be ordinarily resident in the State since 1 September in the year preceding the coming into force of the Register

As a resident you are entitled to be registered, the registration authority needs to know a person's citizenship to determine the elections at which they may vote.

Voting rights:

- Presidential Election and Referendum - Irish citizens
- Dáil Election - Irish citizens and British citizens
- European Parliament Election - Irish citizens and EU Member State citizens
- Local Elections - All citizens resident in Ireland

Contact us at registerofelectors@dlrcoco.ie or tel 01-2054880.

Dréachtchlár na dToghthóirí, 2022-2023

Tagann Clár na dToghthóirí i bhfeidhm ar an 15 Feabhra gach bliain agus úsáidtear é i ngach toghchán agus reifreann go ceann 12 mhí ina dhiaidh sin.

Tá Dréachtchlár na dToghthóirí, 2022 – 2023 á chur i dtoll a chéile faoi láthair. Foilseofar é ar líne ag www.voter.ie ar an 1 Samhain 2021 agus beidh sé ar fáil lena iniúchadh inár n-oifigí i nDún Laoghaire agus i nDún Droma, inár leabharlanna agus in oifigí poist sa cheantar.

An 25 Samhain an spriocdháta le haghaidh iarratas ar iontráil ar Chlár na dToghthóirí, 2022-2023.

Is tábhachtach a sheiceáil go bhfuil do mhionsonraí/stádas vótála ceart agus nach bhfuil tú cláraithe ach uair amháin.

I ndiaidh don Dréachtchlár a bheith foilsithe, féadfaidh duine ar bith éileamh a chur isteach go ndéanfaí a mionsonraí ar an Dréachtchlár a cheartú, lena n-áirítear a éileamh go gcuirfí ainm duine leis an Dréachtchlár nó go mbainfí ainm duine ón Dréachtchlár, ar an 25 Samhain 2021 nó roimhe sin.

Tá gach foirm iarratais maidir le Clár na dToghthóirí, lena n-áirítear athrú ar shaoránacht, le fáil ar ár láithreán gréasáin www.dlrcoco.ie

Má bhíonn aon cheist agat, déan teagmháil linn ar 01-2054880 nó tríd an ríomhphost ag registerofelectors@dlrcoco.ie

Is féidir leat do mhionsonraí a sheiceáil ar líne ag www.voter.ie

An Ceart chun Vótáil

- Ní mór duit a bheith 18 mbliana d'aois ar a laghad ar an lá a dtagann an Clár i bhfeidhm
- Ní mór duit gnáthchónaí a bheith ort sa Stát ón 1 Meán Fómhair sa bhliain sula dtagann an Clár i bhfeidhm

Mar chónaitheoir, tá tú i dteideal a bheith cláraithe. Caithfidh saoránacht duine a bheith ar eolas ag an údarás clárúcháin chun na toghcháin ina bhféadfadh sé nó sí vóta a chaitheamh a chinneadh.

Ceartha Vótála:

- Toghchán Uachtaránachta agus Reifreann - saoránaigh na hÉireann
- Toghchán don Dáil - saoránaigh na hÉireann agus saoránaigh na Breataine
- Toghchán do Pharlaimint na hEorpa - saoránaigh na hÉireann agus saoránaigh an AE
- Toghcháin Áitiúla - gach saoránach a chónaíonn in Éirinn

Déan teagmháil linn ag registerofelectors@dlrcoco.ie nó cuir glao ar 01-2054880.



Open House Bhaile Átha Cliath 2021

Tá níos mó measa againn anois ar na nithe atá ar leac an dorais againn de bharr na srianta taistil a bhí orainn le déanaí. Bíonn tionchar ag an ailtireacht agus an oidhreacht thógtha orainn mar shochoaí. Ní hamháin go bhfuil siad ann mar chúlra don saol laethúil atá againn ach léiríonn siad na mothúcháin atá againn chomh maith. An 15-17 Deireadh Fómhair, fillfidh féile Open House Bhaile Átha Cliath chun ceiliúradh a dhéanamh ar an oidhreacht thógtha agus gach rud a bhaineann leis an ailtireacht.

Beidh gníomhaíochtaí againn i bpearsa arís i mbliana, chomh maith le himeachtaí éagsúla ar líne, lena n-áirítear sraith eile de ghearrscannáin a bhaineann le láithreáin faoi leith agus turais chónaithe ar líne, rud a chuireann ar chumas daoine ó chéin agus ó chongar Baile Átha Cliath a fheiceáil ar bhealach nua. Leanfaidh Open House Bhaile Átha Cliath 2021 air ag cur gníomhaíochtaí ar an láithreán agus gníomhaíochtaí ar líne ar fáil do dhaoine óga agus do theaghlaigh chomh maith. Beidh ceardlanna agus comórtais ann a thacaíonn leis an oideachas, arna stiúradh ag an dearadh, ar fud na cathrach, ‘Architreks’ féinstiúrtha agus Airfield Junio: 360 Time Travel Tour atá fórspéisiúil.

I measc na ngníomhaíochtaí ar fud an chontae tá imeachtaí lasmuigh amhail turais, arna stiúradh ag ailtirí, ar Eastáit Bhán an Aeir, Clós Theach Pháirc Mharlaí agus turais inrochtana rothaíochta ar Bhealach Soghluasteachta Cois Cósta dlr agus beidh Club Luamhaireachta Royal St George mar chuid den chlár. Ina theannta sin tá siúlóid threoraithe ar na tailte stairiúla thart timpeall Teach Mharlaí, arna stiúradh ag Staraí Cónaithe dlr, David Gunning, agus roinntear léargais nua ó thionscadal dlr Deich mBliana na gCuimhneachán 2021. Chomh maith leis sin, eagraíonn dlr turais ar Theach Bhaile an Róistigh atá tíosach ar fhuinneamh, agus a bhfuil gradaim bainte amach aige, turais ar Leabharlann Ghráinseach an Déin nua-athchóirithe chomh maith le teicneolaíochtaí ionchuimsitheacha cruthaitheacha agus áit iontach chéadfach chun dul leis an Tovertafel. Táimid an-sásta freisin go mbeidh léamh filíochta ann ar líne le Grace Wilentz, arna scannánú i dTeach Mharlaí agus ina bhfuil saothar nua coimisiúnaithe mar chuid de thionscadal Marlaí – Freagairtí Cruthaitheacha.

Fiosraigh réimse na roghanna agus cuir áit in áirithe ar www.openhousedublin.com

IMEACHT

Turas arna stiúradh ag ailtire dlr ar oidhreacht thógtha Chlós Theach Mharlaí	Páirc Mharlaí
Turas arna stiúradh ag Staraí Cónaithe dlr ar Thailte Theach Mharlaí agus léargais ó thionscadal Dheich mBliana na gCuimhneachán	Páirc Mharlaí
Turas arna stiúradh ag ailtire dlr ar Theach Bhaile an Róistigh, a bhfuil gradam RIAI Sustainability bainte amach aige, agus a bhain deimhniúchán EnerPHit amach freisin	Teach Bhaile an Róistigh
Cuireann leabharlannaithe dlr ionchuimsitheacht agus inrochtaineacht Leabharlann Ghráinseach an Déin, a athchóiríodh le déanaí, ar taispeáint	Leabharlann Ghráinseach an Déin
Turas arna stiúradh ag innealtóir dlr ar thionscadal feabhsúcháin agus caomhnaithe réimse poiblí Bhaile na Manach	Baile na Manach
Turas foirgnimh ina gcuirtear stair, oidhreacht thógtha, inrochtaineacht agus ionchuimsitheacht Chlub Luamhaireachta Royal St George ar taispeáint	Club Luamhaireachta Royal St George
Stiúrann ailtire dlr agus The Bike Hub turas rothaíochta timpeall séadchomharthaí agus nithe spéisiúla ceille idir Cuas an Ghainimh agus an Charraig Dhubh	Bealach Rothaíochta Cois Cósta
Seimineár gréasáin maidir le huasghrádú ar fhuinnimh baile le hailtirí agus saineolaithe fuinnimh a roinneann léargais maidir leis an tslí is féidir airgead agus fuinneamh a shábháil	Ar líne

Seimineár Gréasáin maidir le hUasghrádú Saor in Aisce d’Fhuinneamh Baile



Eachlann Chuas an Ghainimh, Mel Reynolds, Ailtire

Tá spriocanna uailmhianacha leagtha amach ag Éirinn sa Leasú ar an mBille um Gníomhú ar son na hAeráide i mbliana. Agus go leor ceannlínte sna sruthanna nuachta maidir le himní faoin gcomhshaol, teorainneacha astaíochtaí agus patrúin aimsire dhothuartha roimh Chomhdháil Comhshaoil rithábhachtach na bliana seo i nGlaschú, COP26, tá sé éasca bheith trína chéile mar gheall ar na dúshláin a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide ach níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh go mbaineann go leor buntáistí leis an ngníomhú sin.

Amhail carthanacht, is as an mbaile a eascraíonn an gníomhú ar son na haeráide. Ní hamháin gur féidir leat bheith níos compordaí agus feidhmíocht fuinnimh do thá feabhsú agat, ach beidh tú ag cabhrú freisin le srian a chur le hastaíochtaí a bhaineann le fuinneamh, a tháirgtear go neamhriachtanach agus iarracht á déanamh tithneamhbarainneacha a théamh. Bíonn an bua ag cách nuair a dhéantar uasghrádú fuinnimh, feabhsaítear caighdeán do shaoil agus íslítear na billí fuinnimh. Chomh maith leis sin, cabhraíonn sé leis an mórfhobal toisc go laghdaítear na hastaíochtaí carbóin a tháirgeann tú gach lá.

An chéad chéim éasca saor in aisce ná clárú le haghaidh seimineár gréasáin dlr maidir le hUasghrádú d’Fhuinneamh Baile, Dé Domhnaigh, 17 Deireadh Fómhair, atá á réachtáil mar chuid de Open House Bhaile Átha Cliath agus á chur ar fáil ag Foireann Fuinnimh dlr, a cuireadh ar ghearrliosta le déanaí le haghaidh Gradam ‘Foireann Fuinnimh na Bliana’ de chuid Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann. Beidh samplaí agus léargais ó ailtirí agus saineolaithe fuinnimh san imeacht seo agus ní hamháin go labróidh siad faoin méid is féidir a bhaint amach, ach míneoidh siad freisin na tacaíochtaí atá ar fáil chun cabhrú leat. Déanfaidh an t-ailtire áitiúil, Mel Reynolds, cur síos ar an tslí ar éirigh leis a bhíllí fuinnimh a laghdú go €300 in aghaidh na bliana i nGlas Tuathail, agus gur féidir A-rátálacha a bhaint amach i seanfhoirgnimh uirbeacha fiú. Chomh maith leis sin roinnfidh cainteoirí ó Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, Superhomes, Irish Green Building Council, Codema agus Pobal Fuinnimh Inmharthana Dheilginse eolas agus pléifidh siad na tacaíochtaí airgeadais agus tacaíochtaí eile atá ar fáil.

Cuir do spás ag an seimineár gréasáin in áirithe anois ar www.openhousedublin.com

SUÍOMH

Páirc Mharlaí
Páirc Mharlaí
Teach Bhaile an Róistigh
Leabharlann Ghráinseach an Déin
Baile na Manach
Club Luamhaireachta Royal St George
Bealach Rothaíochta Cois Cósta
Ar líne

Ag díriú ar 'Green for Micro'

Táimid ag cur dhá lá comhairliúcháin saor in aisce (luach €1,800) ar fáil do ghnólachtaí ina bhfuil suas le deich bhfostaí, le cabhair ó Chomhairleoir Glas, chun cabhrú leat ullmhú le haghaidh an gheilleagar ísealcharbóin a bheidh níos tíosaí ó thaobh acmhainní de. Bainfidh na cuideachtaí a bheidh páirteach sa chlár leas as na nithe seo a leanas;

- Coigilteas méadaithe ar chostais
- Éifeachtúlacht mhéadaithe acmhainní (m.sh. níos lú fuinnimh, uisce agus ábhar a úsáid)
- Lorg níos lú ar an gcomhshaol agus níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa
- Deiseanna le haghaidh luach breise níos airde ar tháirgí agus seirbhísí
- Rochtain níos mó ar chustaiméirí, íomhá chorparáideach níos fearr
- Níos seasmhaí in aghaidh tionchair an athraithe aeráide

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin gclár 'Green for Micro', féach www.localenterprise.ie/DLR/Financial-Supports/Green-for-Micro/



NUAHT D'ÍOCÓIRÍ RÁTAÍ



DEONTAS TACAÍOCHTA RÁTAÍ

Tá an deontas tacaíochta rátaí d'íocóirí rátaí a bhfuil a mbille rátaí níos lú ná €21,019 i bhfeidhm go fóill. Déantar foráil sa Scéim go mbronnfaí deontas de €300 – €800 orthu siúd atá incháilithe ach téarmaí agus coinníollacha na Scéime a chomhlíonadh. Leasaíodh an Scéim chun an dáta chun bille rátaí 2021 (aon riaráiste san áireamh, más ann dóibh) a íoc ina iomláine nó chun dul i mbun comhaontú íoctha, a shíneadh ón 1 Iúil go dtí an 1 Deireadh Fómhair 2021.

Déan teagmháil linn a luaithe is féidir chun an comhaontú riachtanach a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh tú incháilithe.

Ní gá iarratas a dhéanamh ar an deontas. Má bhíonn tú incháilithe, cuirfear i bhfeidhm é ar do chuntas go huathoibríoch. Féach ar www.dlrcoco.ie/ratesgrants chun sonraí a fháil faoin Scéim reatha, na téarmaí agus coinníollacha san áireamh.

Má chláraíonn tú chun íoc le dochar díreach, roimh an 1 Deireadh Fómhair 2021, agus faoi réir téarmaí agus coinníollacha eile na Scéime a chomhlíonadh, cuirfear do dheontas i bhfeidhm ar do chuntas go huathoibríoch i mbliana.



Tacaíochtaí do Ghnólachtaí Glasa

An bhfuil a fhios agat gur ndeir 62% de dhaoine go bhfuil tionchar ag cáilíochtaí inmharthanachta dearfacha ar an gcinneadh a dhéanann siad táirgí nó seirbhísí an ghnólachta sin a cheannach toisc go bhfuil formhór na ndaoine feasach faoin sprioc náisiúnta chun astaíochtaí carbóin (astaíochtaí gás ceaptha teasa) a laghdú faoi 51% faoi 2030, agus chun geilleagar atá neodrach ó thaobh an charbóin de a bhaint amach faoi 2050.

Ní hamháin go bhfuil sé riachtanach anois go mbeadh fócas láidir ag cuideachtaí ar an inmharthanacht chun custaiméirí a mhealladh agus a choinneáil, ach cabhróidh sé freisin le cuideachtaí aghaidh a thabhairt ar na forchostais mhéadaithe a bhaineann le rialacháin a athraíonn agus costais mhéadaithe na n-acmhainní. Tá sé ag éirí níos tábhachtaí do ghnólachtaí glacadh le cur chuige atá éiceabhách.

Chuirge sin, tá liosta de Thacaíochtaí do Ghnólachtaí Glas (oiliúint, meantóireacht agus tacaíochtaí airgeadais) curtha le chéile againn atá ar fáil le LEO dlr agus gníomhaireachtaí tacaíochtaí eile, lena n-áirítear;

- 'Green for Micro' – LEO dlr (féach thuas)
- 'Lean for Micro' – LEO dlr
- 'Green Enterprise: Innovation for a Circular Economy' – An Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil
- GreenStart – Fiontraíocht Éireann
- GreenPlus – Fiontraíocht Éireann
- 'Support Scheme for Renewable Heat' – Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- 'SEAI Energy Academy' – Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann
- 'Climate Ready' (Oiliúint) - Skillnet

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na Tacaíochtaí do Ghnólachtaí Glas, féach: www.localenterprise.ie/DLR/Financial-Supports/Other-Green-Supports agus cláraigh dár nuachtlitr ar bit.ly/leodlrnewsletter chun nuacht a fháil faoi thionscnaimh nua.

Shop Front Improvement Scheme



The Scheme is open to independent retailers facing onto public streets in towns and villages across the county. The Council will fund 50% of the shop front cost with a maximum allowable grant of €5,000 per applicant, subject to the terms and conditions of the Scheme. So if you think your shop front could use a fresh coat of paint or a new design, why don't you check out all the details at <https://dlrcoco.submit.com/show/48>

Scéim Feabhsúcháin Aghaidheanna Siopaí

Tá an Scéim oscailte do mhiondíoltóirí neamhspleácha a bhfuil aghaidh a siopa ar shráideanna poiblí i mbailte agus i sráidbhailte ar fud an chontae. Maoineoidh an Chomhairle 50% de chostas aghaidh an tsiopa, agus €5,000 uasmhéid an deontais a cheadófar in aghaidh na hiarratasóra, faoi réir téarmaí agus coinníollacha na Scéime. Mar sin, má tá tú den tuairim go bhfuil brat péinte nó dearadh nua ag teastáil ó aghaidh do shiopa, caith súil ar na sonraí ar fad ar <https://dlrcoco.submit.com/show/48>



Eastáit Bhán an Aeir

“ag feirmeoireacht go hathghiniúnach”

Agus cúrsaí ag dul ar ais mar a bhíodh i ndiaidh na paindéime, seans go dtabharfaidh cuairteoirí ar Eastát Bhán an Aeir i nDún Droma roinnt athraithe faoi deara ar an mbealach a dhéantar rudaí.

Tá cáil ar Bhán an Aeir mar láithreán oidhreachta, feirm, gairdín agus caifé le fada an lá. Bunaíodh é mar iontaobhas carthanais i 1974 ach téann stair Bhán an Aeir níos faide siar, go háirithe i gcúrsaí feirmeoireachta, garraíodóireachta agus daonchairdis agus é faoi stiúir na n-iarchónaitheoirí, muintir Overend. Agus iad ag fás aníos ag deireadh na 19ú haoise agus tús na 20ú haoise, bhí go leor plandaí agus ainmhithe éagsúla ag an mbeirt dheirfiúracha Overend, cé nach raibh mórán meicniúcháin ná ionchur saorga ann. Ní raibh eagla orthu triail a bhaint as teicnící nua agus cineálacha nua ach an oiread! Anois thabharfar “orgánach” nó “athghiniúnach” ar na gnáthchleachtais a bhí á n-úsáid acu.

Anois agus Bán an Aeir ag tabhairt aitheantais don traidisiún seo tá siad tiomanta don “talmháocht athghiniúnach”. Go bunúsach, ciallaíonn sé seo go mbíonn cruth níos fearr ar an gcré agus an talamh. Seans go dtabharfaidh cuairteoirí banracha níos faide méithe faoi deara, ná mar a bheifí ag súil leis ar fheirm, mar go ligtear don fhéar fás níos airde agus fréamhacha níos doimhne a chruthú sula gcuirtear ar féarach na hainmhithe. Cuirfear go leor barr le chéile in ionad barr amháin: tá sé seo níos fearr don chré, an bia a tháirgtear agus an fiadhúlra a dtacaítear leis. D'fhéadfaidís garraíodóirí a fheiceáil agus iad ag baint triail as feabhsaitheoirí ithreach nuálacha nádúrtha, a bhféadfaidís cuma aisteach a bheith orthu uaireanta. Agus dar ndóigh, is féidir le daoine na torthaí/glasraí seo a cheannach ag an margadh ar an Aoine/Satharn agus na radhairc seo a shú isteach agus iad ag ithe lóin nó ag ól caife ó chaifé an Aeir Stables, bialann Overend, nó na trucaillí bia ar an láthair.

Is féidir eolas agus ticéid a fháil ar www.airfield.ie nó ar +353 (1) 969 6666.



Dún Laoghaire Anseo Ealaíon Sráide



D'éirigh go han-mhaith le Dún Laoghaire Anseo, tionscadal a chuir cuma nua ar na ballaí liatha timpeall an bhaile le píosáil áille ealaíne. Téigh ar do thuras féin agus féach na sonraí ar www.dlrcoco.ie/dlanseo.

Set Sail in Dublin Bay

The Brian Boru sailing boat continues to delight passengers during its first summer on the water in Dún Laoghaire Harbour. The boat takes a small group of passengers on a unique three hour journey around Dublin Bay and along the beautiful Dublin coastline.

Get a chance to test your sailing skills, be part of the crew and help with the ropes/kit on the day. Sailing continues into September and for the 1st weekend in October (Fridays, Saturdays and Sundays) from Dún Laoghaire Harbour.

Follow the team @DublinUnderSail on Instagram & Facebook.

Price: Adults €69 & Children's (Under 12) €63. www.dublinundersail.com



Comórtas



Siúlóide Taibhsí na Samhna san Fhoroais

Ar mian leat ceann amháin de cheithre thicéad teaghlaigh (grúpaí de sheisear) dár imeacht bliantúil i bPáirc Mharlaí a bhuachan? Ní don duine anbhách an tsíúlóid scanrúil seo atá lán le sceitimíní scáifara agus teannas i bhforaois na dtaibhsí Dé Sathairn, 23 Deireadh Fómhair, agus Dé Domhnaigh, 24 Deireadh Fómhair. Beidh sé thicéad saor in aisce i ngach ceann de na ceithre thicéad agus beidh seisear in ann dul isteach i bhForaois na dTaibhsí.

Chun d'ainm a chur sa phota níl ort ach clárú don dlr Times ar an ríomhphost. Téigh go dtí www.dlrcoco.ie/SamhainComp faoin Luan, 18 Deireadh Fómhair. Cuirfear teachtaireacht chuig na buaiteoirí Dé Máirt, 19 Deireadh Fómhair. Go n-éirí leat!

Cuir chun farraige i gCuan Bhaile Átha Cliath

Tá an bád seoil An Brian Boru fós ag cur aoibhnis ar phaisinéirí le linn a céad samhradh ar an bhfarraige i gCuan Dhún Laoghaire. Téann grúpaí beaga paisinéirí amach ar an mbád le haghaidh turas speisialta a mhaireann trí uair an chloig timpeall Chuan Bhaile Átha Cliath agus le cósta álainn Bhaile Átha Cliath.

Tapáigh an deis triail a bhaint as do chuid scileanna seoltóireachta, a bheith ar dhuine den fhoireann agus cuidiú leis na rópaí/an trealamh ar an lá. Beidh seoltaí ag dul ar aghaidh le linn mhí Mheán Fómhair agus don chéad deireadh seachtaine i mí Dheireadh Fómhair (Dé hAoine, Dé Sathairn agus Dé Domhnaigh) ó Chuan Dhún Laoghaire.

Lean an fhoireann @DublinUnderSail ar Instagram & Facebook.

Praghas: Daoine Fásta €69 & Leanaí (Faoi 12) €63. www.dublinundersail.com

Campaí Samhraidh SportsAbility 2021



Campaí do Chispheil Cathaoireacha Rothaí

D'oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Bhaile Átha Cliath Theas, Spóirt CCRÉ, Cumann Cispheile na hÉireann agus Club Cispheile Éanna as lámha a chéile chun club cispheile dhá lá a reáchtáil do pháistí atá faoi mhíchumas fisiciúil. Ghlac 13 pháiste faoi mhíchumas fisiciúil páirt ann agus bhí sé go hiontach idir 15 agus 20 páiste agus cóitseálaithe a fheiceáil agus iad ag rolladh timpeall na gcúirteanna ag baint súp as agus ag foghlaim scileanna nua.



Campa Uisce SportsAbility

D'oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le Active Connections, Vision Sports Ireland agus Sailing in Dublin chun campa samhraidh uisce SportsAbility a reáchtáil thar chúig seachtaine i mí an Mheithimh agus mí Iúil.

Ghlac 62 páiste, idir 5 agus 17 bliana d'aois, páirt ann. Bhí míchumais éagsúla ar na páistí, lena n-áirítear míchumais fhisiciúla agus inteleachtúla, amharclagú agus an t-uathachas.

D'éirigh go han-mhaith leis an gcampa agus do roinnt mhaith rannpháirtithe ba é seo an chéad uair dóibh bheith páirteach i spóirt in 2021 toisc go raibh siad ag clutharú de bharr bunghalar, nó nach raibh siad in ann páirt a ghlacadh i spóirt thraidisiúnta de bharr a míchumas.

“Cé a cheapadh go mbeadh buachaill seacht bliana d'aois, a úsáideann cathaoir rothaí, in ann páirt a ghlacadh san oireadh seo gníomhaíochtaí spóirt uisce, agus an-spraoi a bheith aige, gan a mhíchumas a bheith ag cur isteach air. Ba é seo an chéad champa a raibh sé ann riamh agus tá mé iontach buíoch as iarrachtaí gach duine chun seachtain lán spraoi a chruthú dó.”

Campa SportsAbility Lasmuigh

D'oibrigh Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin le hIonad Gasógaíochta Idirnáisiúnta Larchill chun campa eachtraíochta lasmuigh a chur ar fáil do pháistí idir 13 agus 18 bliana d'aois atá ar speictream an uathachais. Ghlac 18 ndéagóir páirt sa champa dhá lá agus iad ag ailleadóireacht, ag boghdóireacht, ag treadóireacht agus ag déanamh cleachtas neartaithe foirne. Reáchtáladh tine champa ag an deireadh chun críoch a chur leis na campáí.



próifil foirne dlr



Brian O'Donnell

AN TOIFIGEACH SPÓIRT DO
DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS
COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT
DHÚN LAOGHAIRE-RÁTH AN DÚIN

Céard a dhéanann tú?

Is mise an tOifigeach Rannpháirtíochta sa Spóirt do Dhaoine Faoi Mhíchumas le Comhpháirtíocht Spóirt Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus an aidhm atá agam ná spóirt agus gníomhaíocht choirp a dhéanamh inrochtana do chách, is cuma faoina gcumas.

Céard é gnáthlá oibre duit?

An rud is fearr faoin bpost seo ná nach ionann aon dá lá.

De ghnáth féachaim ar fhiosrúcháin ar an ríomhphost agus tugaim freagraí orthu, agus glacaim le glaonna fóin ó bhaill den phobal nó clubanna nó seirbhísí míchumais.

Buailim le seirbhísí míchumais, scoileanna speisialta, grúpaí spóirt agus baill den phobal ar mian leo deiseanna níos ionchuimsithí a chruthú dóibh siúd atá faoi mhíchumas nó ar mian leo bheith gníomhach iad féin agus tugaimid comhairle dóibh maidir leis na bealaí is fearr chun é sin a dhéanamh.

Eagraím ceardlanna chun daoine a uasailiúint maidir le spóirt agus gníomhaíochtaí do dhaoine atá faoi mhíchumas. Sa bhealach seo d'fhéadfadh go mbeadh clubanna, grúpaí agus ionaid fóillíochta in ann spóirt do dhaoine faoi mhíchumais a chur ar fáil go fadtéarmach inár bpobail.

Leagaim béim ar thionscnaimh spóirt agus gníomhaíochtaí coirp ar ár leathanaigh ar na meáin shóisialta agus sna meáin eile chun a chinntiú go dtuigeann daoine na deiseanna atá ann.

Cad é an chuid is deacra de do phost?

Tá sé go hiontach go bhfuil cultúr iontach anseo chun deiseanna a chruthú do dhaoine faoi mhíchumas bheith gníomhach i nDún Laoghaire Ráth an Dúin, idir ionaid fóillíochta, clubanna spóirt agus lánaí rothaíochta.

D'fhéadfadh nach mbeadh deis nó spóirt faoi leith ar fáil sa chontae seo uaireanta agus d'fhéadfadh go dtógfadh sé roinnt ama é a shocrú ionas go mairfidh sé. Bíonn sé deacair uaireanta a rá le duine éigin, ar mian leis nó léi tosú ar an bpointe, go dtógfaidh sé roinnt ama.

Cad é an chuid is fiúntaí de do phost?

Rochtain a thabhairt do chách, is cuma faoin gcumas atá acu, ar spóirt agus gníomhaíocht choirp.

Bhí an t-ádh liom gur fhás mé aníos i dteaghlach spórtúil. Is maith liom go bhfuil post agam a thugann na deiseanna céanna a bhí agam do chách toisc gur féidir le gach duine leas a bhaint as gníomhaíocht choirp agus spóirt agus an pobal, na tairbhí sláinte agus meabhairshláinte a bhaineann leo.

Contae ionchuimsitheach a fhorbairt



'Changing Places', Seangánach.

Ní chomhlíonann gnáthleithris atá inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas riachtanais gach duine a bhfuil míchumais chasta orthu. Mar shampla, d'fhéadfadh go mbeadh tuilleadh tacaíochta ag teastáil ó dhaoine a bhfuil riochtaí áirithe sláinte orthu, amhail pairilis cheirbreach, spina bífida agus scléaróis iolrach, agus ó aosaigh atá faoi mhíchumas fisiciúil nó daoine a bhfuil uathachas orthu agus iad ag úsáid an leithris, rud a chuirfeadh le huasmhéadú neamhspleáchais agus compoid.

Is seomra folctha mór, atá go hiomlán inrochtana, é 'Changing Places' ina bhfuil gnéithe amhail binse athraithe do dhaoine fásta, ar féidir an airde a athrú, ardaitheoir nasctha leis an tsleáil, go leor spáis do dhuine atá faoi mhíchumas agus suas le beirt chúntóirí agus cithfholcadán, go hidéalach. Tógadh seomra folctha nua, ag a bhfuil na gnéithe seo, ag an mbealach isteach chuig Reilig Sheangánaí. De bhreis ar an seomra folctha i gClós Pháirc Mharlaí a osclaíodh i 2019 tá ceann eile nach mór réidh ag Páirc Chill Bheagóige agus tá uasghrádú á dhéanamh ar an tsaoráid ag Páirc Chábán tSile. Anois tá ceithre sheomra folctha, atá go hiomlán inrochtana, curtha ar fáil ag an gComhairle agus tá sé beartaithe aici tuilleadh a fhorbairt. Tá uasghrádú déanta le déanaí ar sheomraí folctha níos lú, lena n-áirítear ardaitheoirí agus binsí athraithe i Leabharlann Ghráinseach an Déin agus Lárionad Cathartha Samuel Beckett.

Dearadh na saoráidí seo ar fad chun cur le sláinte, sábháilteacht, compoid agus dínit duine óna bhféadfadh tacaíocht agus trealamh breise a bheith ag teastáil le linn an chúraim phearsanta. Maidir leis na saoráidí neamhspleacha, tá eochair rochtana ag baill de Chumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann, agus tá eochair ar fáil in aice láimhe.

Comhairliúchán Fís um Fholláine an Phobail don Ghlúin seo agus do na Glúnta atá le teacht

Tosóidh Lónra Rannpháirtíochta Poiblí Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, i gcomhpháirt le Comhairle Contae dlr, ar chomhairliúchán i mí Mheán Fómhair chun Ráiteas Físe um Fholláine an Phobail a chruthú dár gcontae.

Céard atá ag teastáil le haghaidh folláine phobal Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin? Sin an cheist atá againn agus ba mhaith linn cloisteáil ó ghrúpaí, eagraíochtaí agus daoine in dlr. Agus Ráiteas Físe um Fholláine an Phobail á fhorbairt againn, ní mór dúinn smaoineamh faoin méid atá againn agus faoi na rudaí atá ag teastáil uainn chun cabhrú lenár gcontae bheith iontach dúinn agus do na glúnta a thagann inár ndiaidh.

Tá sé mar aidhm ag an Ráiteas uailmhianta an phobail áitiúil a ghabháil don ghlúin seo agus do na glúnta amach anseo maidir leis na sé théama thábhachtacha seo:

- Forbairt Shóisialta agus Phobail
- Rannpháirtíocht, Daonlathas agus Dea-Rialachas
- Luachanna, Cultúr agus Brí
- Sláinte (Fisiciúil agus Meabhrach)
- Obair, Geilleagar agus Acmhainní
- Comhshaol agus Inmharthanacht

Beidh an chéad chuid den chomhairliúchán seo ar siúl idir 27 Meán Fómhair agus 8 Samhain 2021 agus beidh sraith ceardlann ar líne mar chuid de, chomh maith le haighneachtaí ar líne agus b'fhéidir an deis rud éigin i scríbhinn a sheoladh isteach.

Is féidir na sonraí ar fad maidir leis an gcomhairliúchán, lena n-áirítear an fhoirm aighneachta ar líne, a fháil ar shuíomh gréasáin Lónra Rannpháirtíochta Poiblí dlr ar www.dlrppn.ie



Ainmníodh dlr do Ghradam Ailtireachta Mies van der Rohe



EU
mies
award
22



NOMINEES

Ainmníodh Roinn Ailtirí dlr do Dhuais 2022 an Aontais Eorpaigh le haghaidh Ailtireacht Chomhaimseartha – Duais Mies van der Rohe dá thionscadail comhfhorbartha áite COVID-19 sa Charraig Dhubh, i nGlas Tuathail, i nDún Droma agus i nDeilginis agus ar an mBealach Rothaíochta Soghluaisteacha Cois Cósta nua.

Fógraíodh an liosta deiridh de shaothair ainmnithe, a cuireadh i gcrích idir Deireadh Fómhair 2018 agus Aibreán 2021, i 41 tír, i Barcelona agus sa Bhruiséil ag an gCoimisiún Eorpach agus Fundació Mies van der Rohe.

Le Duais an Aontais Eorpaigh le haghaidh Ailtireacht Chomhaimseartha – Duais Mies van der Rohe aithnítear agus moltar ailtireacht iontach na hEorpa agus cuirtear béim ar rannphárteachas an Aontais Eorpaigh i dtacaíocht don ailtireacht mar ghné thábhachtach a léiríonn éagsúlacht ailtireacht na hEorpa agus an ról atá aici mar ghné aontaitheach chun léiriú a thabhairt ar chultúr coiteann Eorpach.

Bhí an bua le déanaí ag tionscadail comhfhorbartha áite COVID-19 agus ag King John's Castle, Cairlinn, Co. Lú i gCatagóir na Spásanna Poiblí ag Duaiseanna RIAI 2021.

Na hEalaíona agus an Leabharlann



Tacair do Chlubanna Leabhar

Más ball de chlub leabhar próbháideach thú i gceantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, is féidir leat leas a bhaint as ár dtacair do Chlubanna Leabhar. Chun liosta de na tacair seo a fháil féach: <https://libraries.dlrcoco.ie/find-and-renew/book-choices/book-sets>

Cuir ríomhphost chuig librarybib@dlrcoco.ie chun tacar faoi leith a iarraidh agus seolfar é seo chuig an Leabharlann dlr a ainmniú tú. Déanfaidh foireann na leabharlainne teagmháil leat ansin nuair a bheid sé réidh le bailiú.

Eolas do Mhúinteoirí in dlr

Tugtar cuireadh do gach múinteoir sa Chontae iarratas a dhéanamh ar chárta Blociasachta. Is féidir Blociasacht a úsáid chun leabhair a fháil ar iasacht do do rang le linn na scoilbhliana. Ní mór duit na nithe seo a leanas a sholáthar chun cárta a fháil: cruthúnas ar do sheoladh (bille fónais reatha, srl.) agus litir ó phríomhoide na scoile, ar pháipéar ceanteidil, ag rá go bhfuil tú fostaithe ansin.

Nuair a bheid ballraíocht Blociasachta agat, beidh tú in ann do chárta a úsáid chun leabhair a fháil ar iasacht do thionscadail ranga, nó ceann dár dtacair ranga a fháil. Chun liosta iomlán de na tacair ranga a fheiceáil, féach réimse na múinteoirí ar an suíomh gréasáin ag: <https://libraries.dlrcoco.ie/library-services/teachers-area>

Cuir ríomhphost chuig librarybib@dlrcoco.ie chun tacar faoi leith a iarraidh agus seolfar é seo chuig an Leabharlann dlr a ainmniú tú. Déanfaidh foireann na leabharlainne teagmháil leat ansin nuair a bheid sé réidh le bailiú.



Trealamh um Shábháil Fuinnimh don Teach

An bhfuil a fhios agat go bhfuil Trealamh Codema um Fhuinneamh Tí ag gach Leabharlann dlr agus gur féidir leat é a fháil ar iasacht chun tástáil a dhéanamh ar éifeachtúlacht do thí ó thaobh fuinnimh? Déan teagmháil le do Leabharlann dlr áitiúil chun clárú le haghaidh trialach.

dlr Scéal Trails, ag bronnadh leabhar ar Scoileanna dlr

Tá súil againn gur éirigh leat cuairt a thabhairt ar 'Scéal Trails' dlr sa samhradh; más rud é nár éirigh leat cuairt a thabhairt orthu, beidh siad ann ar feadh tamaill eile. Mar sin de, bí cinnte cuairt a thabhairt ar ghairdín Leabharlann Chábán tSíle, gairdín Leabharlann Dhún Droma agus Páirc Bhóthar na Raithní Móire in Áth an Ghainimh sula mbainfeadh 'Scéal Trails'. Tá 'The Vanishing Lake' i nDún Droma agus Áth an Ghainimh, leis an údar/maisitheoir Paddy Donnelly, agus tá 'Spidey' i Leabharlann Chábán tSíle, arna scríobh ag Carmel Uí Cheallaigh agus arna mhaisiú ag Fintan Taite.

Buíochas le tacaíocht ó Chlár Éire Ildánach, bhíomar in ann 'Scéal Trails' iontacha a chruthú agus cóipeanna de na leabhair seo a bhronnadh ar bhunscoileanna sa Chontae.

Coinnigh súil amach do na leabhair seo sna scoileanna áitiúla! Is féidir fiosrúcháin maidir le 'Scéal Trails' dlr agus bronnadh na leabhar a sheoladh chuig: libraryculture@dlrcoco.ie



Cainteanna faoi Dhléicse



Bí le Leabharlanna dlr agus Cumann Dhléicse na hÉireann le haghaidh sraith cainteanna ar líne idir Meán Fómhair agus Samhain. Beidh na cainteanna ar fad ar siúl i bhfor-am ar Zoom.

Tá na cainteanna ar fad saor in aisce ach ní mór áit a chur in áirithe ar Eventbrite Leabharlanna dlr.

Céard is dhléicse ann – straitéisí do dhaoine fásta ar an ollscoil agus ag an obair

- Dé Máirt, 5 Deireadh Fómhair, 7.00pm

Disléicse agus Teicneolaíocht Chúnta

- Dé Máirt, 21 Samhain, 7.00pm

Beidh seisiún ceisteanna agus freagraí ag deireadh gach seisiúin.

Cuir ríomhphost chuig: libraryculture@dlrcoco.ie chun tuilleadh eolais a fháil

Féile Leabhar na bPáistí 2021



Tá sceideal iontach údar agus maisitheoirí againn a bheidh 'ag zúmáil isteach' chuig Leabharlanna dlr le haghaidh Féile Leabhar na bPáistí i mí Dheireadh Fómhair! Is do Bhunscoileanna in dlr na himeachtaí ar líne seo a leanas.

Tá gach imeacht saor in aisce ach ní mór áit a chur in áirithe. Cuir ríomhphost chuig librarybookings@dlrcoco.ie chun do chuid spéise a léiriú chun gur féidir le do scoil nó rang bheith páirteach sna himeachtaí beoga idirghníomhacha seo ar líne.

Is féidir áiritheáil a dhéanamh ón Luan, 20 Meán Fómhair ag 9.00am.

Beidh físeáin ann ó Alan Nolan, Oisín McGann, Paddy Donnelly, Shane Hegarty agus Sheena Dempsey do theaghlach agus beidh na físeáin sin ar fáil ar chainéal YouTube dlr le linn mhí na Féile.

Coinnigh súil ar an suíomh gréasáin agus ar na meáin shóisialta le haghaidh eolas maidir le ham scéalaíochta na foirne, ceardlanna ealaíne agus ceardaíochta agus imeachtaí eile a dhéanann ceiliúradh ar Fhéile Leabhar na bPáistí i mí Dheireadh Fómhair!

Imeachtaí ar líne do scoileanna:

Bad Panda le Swapna Hadow agus Sheena Dempsey

- De hAoine, 10.00-10.45am – Rang 1-3

Imeacht Shane Hegarty

- Déardaoin, 7 Deireadh Fómhair, 10.00-10.45am – Rang 2 agus Rang 3
- Déardaoin, 7 Deireadh Fómhair, 11.30am-12.15pm – Rang 4 agus Rang 5

'The Magical History Event' le Judi Curtin agus Sarah Webb

- Dé Luain, 11 Deireadh Fómhair, 11am go 11.45am – Rang 4-6

'A Short Hopeful Talk About Climate Change' le hOisín McGann

- Déardaoin, 14 Deireadh Fómhair, 10.00-10.45am – Rang 4-6

5-4-3-2-1 Chun Siúil! le Máire Zepf agus Paddy Donnelly (imeacht Gaeilge/Béarla)

- Dé hAoine, 15 Deireadh Fómhair, 10.00-10.45am – Rang 1 agus Rang 2

'A Mudlarker's Guide to Story-Starting' le Eve McDonnell

- Dé Luain, 18 Deireadh Fómhair, 10.00-11.00am – Rang 3 agus Rang 4
- Dé Luain, 18 Deireadh Fómhair, 11.30am-12.30pm – Rang 5 agus Rang 6

'Scary Irish Spooks and Monsters' le Alan Nolan

- Dé Céadaoin, 20 Deireadh Fómhair, 10.00-10.45am – Rang 1-3
- Dé Céadaoin, 20 Deireadh Fómhair, 11.30am-12.15pm – Rang 4-6

CÉARD ATÁ AR SIÚL SA GHAILEARAÍ BARDASACH IN dlr LEXICON

A mobile living thing

Taispeántas Saothar Nua le Brian Fay

Gailearaí Bardasach, dlr Lexlcon,
2 Deireadh Fómhair – 5 Nollaig 2021

Fócas an tseó aonair seo ná freagairt ar cheithre pictiúr bheaga leis an ealaíontóir Éireannach, Mainie Jellett, i gCnuasach Ealaíne Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin. Is athrú iad na saothair seo ar pháipéar ó 1932-1939 óna chuid oibre ealaíne i dteibíocht go foirmeacha péinteála níos nádúraíche. Tá sraith nua líníochtaí déanta ag an ealaíontóir, Brian Fay, atá ina chónaí i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus freagraíonn siad seo do thréithe fisiciúla na saothar seo mar a théann siad in aois agus do shaol Jellett chomh maith. Is féidir amharc orthu mar léiriú ar am, am an chloig agus an t-am a mhairimidne.

Tógadh teideal an taispeántais 'A mobile living thing' ó scríbhneoireacht Jellett agus í ag déanamh pictiúir agus úsáideann Fay é anseo chun smaoinemh faoi na pictiúir seo agus an saol atá acu. Beidh na ceithre shaothar le Mainie Jellett ar taispeáint, chomh maith le líníochtaí nua Fay.



Ceoltóir Cónaithe: Ruth O'Mahony-Brady

Le linn a cónaitheachta ag dlr Lexlcon, oibreoidh Ruth O'Mahony-Brady, pianódóir, amhránaí, léiritheoir agus cumadóir, i gcomhpháirt le Mary Barnecutt, ealaíontóir, ag meascadh a réimsí éagsúla ceoil – dordveidhil (leictreach agus acústach), pianó, sintéiseoirí/leictreonaic agus comhcheol. Cumfaidh an bheirt acu ceol ó na taifid uathúla agus na fuaimeanna a fhaightear laistigh de cheantar Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Beidh léiriú poiblí ag deireadh na Cónaitheachta chun an t-ábhar a forbraíodh le linn na cónaitheachta a chur ar taispeáint. Meastar gur imeacht beo a bheidh anseo ag deireadh an fhómhair nó ag tús an gheimhridh ach braithfidh sé seo ar shrianta sláinte poiblí. Déanfar an léiriú deiridh seo a thairfeadh agus cuirfear ar fáil é mar EP le 6 rian. Arna mhaoiniú ag an gComhairle Ealaíon.

File Cónaithe: Jessica Traynor

Beidh cónaitheacht ag an bhfile Jessica Traynor ó Fhómhair 2021 ar aghaidh in dlr Lexlcon. Tabharfaidh an chónaitheacht seo an t-am di bheith ag obair ar an gcnuasach atá le teacht uaithe, Pit Lullabies, agus réachtálfadh sí club leabhar filíochta chomh maith. Tá sí ag súil go mór freisin le tionscadal dar teideal 'The Carbon Project' a fhorbairt, agus é bunaithe ar a cuid saothair féin maidir le carbón agus an ghéarchéim aeráide. Beidh sí ag obair le scríbhneoirí eile atá bunaithe sa Chontae air sin.



Soilsigh Dún Laoghaire

15, 16, 17 Deireadh Fómhair, dlr Lexlcon



Cuirfear beocht in dlr Lexlcon istoíche agus roinnt beochan nua spleodrach á léiriú ar bhalla seachtrach an fhoirgnimh thar thrí oíche i mí Dheireadh Fómhair. Tá baint ag na beochantóirí ar fad leis an gcontae agus beidh baint ag na beochantóirí leis an gceantar áitiúil chomh maith. Arna mhaoiniú ag Éire Ildánach


Folding

le Izumi Kimura,
Cora Venus
Lunny agus
Anthony Kelly

Is albam nua vinile agus CD de chomhshaothair é Folding ar a bhfuil ceol pianó ó Izumi Kimura, veidhlín agus víola le Cora Venus Lunny agus taifid le Anthony Kelly. D'eascair an tionscadal seo ó Chónaitheacht Ceoltóra dlr Izumi ag dlr Lexlcon in 2019.

Tugann na taifid nua stiúideo seo léiriú beoga níos doimhne ar na smaointe a forbraíodh le linn am an ealaíontóra mar Cheoltóir Cónaithe dlr ag dlr Lexlcon, agus beidh cuimhne ag roinnt mhaith daoine ar dhá cheolchoirm iontach in amharclann an Stiúideo. Tá cantain na n-éan, stoirmeacha sneachta, beacha, toirneach agus báisteach, leoithne ag bogadh duilleoga triomaithe, chomh maith le fuaimeanna eile ann agus léiríonn siad timpeallacht álainn éagsúil fuaime Dhún Laoghaire.

Tá LP agus CD Folding ar fáil anois ar an lipéad ceoil, www.farpointrecordings.com atá lonnaithe i nDún Laoghaire.



Lean leabharlanna dlr ar TikTok!

Tá Leabharlanna dlr an-ghníomhach ar na meáin shóisialta cheana féin agus anois tá ardán nua cruthaithe againn d'úsáideoirí na leabharlainne agus úsáideoirí féideartha eile. Is féidir le daoine óga, agus iad siúd a bhfuil croí óg acu, Leabharlanna dlr a leanúint ar TikTok: [@dlrlibraries](https://www.tiktok.com/@dlrlibraries). Seans go bhfeicfidh tú foireann na leabharlainne ag déanamh roinnt damhsaí TikTok i do leabharlann áitiúil!

Lean Leabharlanna dlr ar Facebook, Twitter, Instagram, TikTok agus Soundcloud

Cláraigh do ríomhfheasachán coicísíúil Leabharlanna dlr ar an suíomh gréasáin <https://libraries.dlrcoco.ie>

Déanann do Chomhairleoirí dlr ionadaíocht ortsa

DÚN DROMA



An CLR **SHAY BRENNAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 086 829 0570
RÍOMHPHOST: sbrennan@cllr.dlrco.ie



An CLR **ANNE COLGAN** NSP
30 Plásóg na Fuinseoige,
Bóthar Bhaile an tSaoir

FÓN PÓCA: 087 245 4202
RÍOMHPHOST: acolgan@cllr.dlrco.ie



An CLR **DANIEL DUNNE** CG
126 Páirc na Cluana,
Baile an Teampaill

FÓN PÓCA: 087 115 4468
RÍOMHPHOST: ddunne@cllr.dlrco.ie



An CLR **ANNA GRAINGER** FG
18 An Tobar Naofa,
Bóthar Chill Mochuda Uachtarach

FÓN PÓCA: 087 282 5511
RÍOMHPHOST: agranger@cllr.dlrco.ie



An CLR **SEAN McLOUGHLIN** NSP
49A Céide an Átha Leathain,
Baile an tSaoir, Baile Átha Cliath 16

FÓN PÓCA: 087 741 1638
RÍOMHPHOST: smcloughlin@cllr.dlrco.ie



An CLR **PETER O'BRIEN** LO
23 Plásóga Cluain Ard,
Dún Droma, D16 KT53

FÓN PÓCA: 086 461 1638
RÍOMHPHOST: pobrien@cllr.dlrco.ie



An CLR **JIM O'LEARY** FG
48 Gleann na Páirce,
Bóthar Áth an Ghainimh, Dún Droma

FÓN PÓCA: 086 818 6732
RÍOMHPHOST: joleary@cllr.dlrco.ie

STIGH LORGAN



An CLR **DEIRDRE DONNELLY** NSP
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 086 461 1625
RÍOMHPHOST: ddonnelly@cllr.dlrco.ie



An CLR **EVA ELIZABETH DOWLING** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 083 149 6045
RÍOMHPHOST: edowling@cllr.dlrco.ie



An CLR **JOHN KENNEDY** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 772 0794
RÍOMHPHOST: jkennedy@cllr.dlrco.ie



An CLR **MAEVE O'CONNELL** FG
79 Céide Shliabh Rua,
Cill Mochuda, Co. Bhaile Átha Cliath

FÓN PÓCA: 086-8516936
RÍOMHPHOST: moconnell@cllr.dlrco.ie



An CLR **BARRY SAUL** FG
3 Bóthar Mather Thuaidh,
Cnoc Mhuirfean

FÓN PÓCA: 086 781 4517
RÍOMHPHOST: bsaul@cllr.dlrco.ie



An CLR **DÓNAL SMITH** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 193 6483
RÍOMHPHOST: dsmith@cllr.dlrco.ie

AN CHARRAIG DHUBH



An CLR **MARIE BAKER** FG
38 Plásóg Avondale,
An Charraig Dhubh

FÓN PÓCA: 086 818 6704
RÍOMHPHOST: mbaker@cllr.dlrco.ie



An CLR **KATE FEENEY** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 086 461 1627
RÍOMHPHOST: kfeeney@cllr.dlrco.ie



An CLR **MARY HANAFIN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 085 120 2121
RÍOMHPHOST: mhanafin@cllr.dlrco.ie



An CLR **MAURICE DOCKRELL** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

RÍOMHPHOST: mdockrell@cllr.dlrco.ie



An CLR **SÉAFRA Ó FAOLÁIN** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 908 1058
RÍOMHPHOST: sofaolain@cllr.dlrco.ie



An CLR **MARTHA FANNING** LO
23 Bóthar an Chlochair,
An Charraig Dhubh, Co. Bhaile Átha Cliath

FÓN PÓCA: 0872041559
RÍOMHPHOST: mfanning@cllr.dlrco.ie

DÚN LAOGHAIRE



An CLR **MARY FAYNE** FG
Cúl Méine, Bóthar Chuas an
Ghainimh, Cuas an Ghainimh, Co.
Bhaile Átha Cliath

FÓN PÓCA: 086 461 1626
RÍOMHPHOST: mfayne@cllr.dlrco.ie



An CLR **LORRAINE HALL** FG
71 Ascaill Roseland,
Cualanor, Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 790 5555
RÍOMHPHOST: lhall@cllr.dlrco.ie



An CLR **TOM KIVLEHAN** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 373 2518
RÍOMHPHOST: tkivlehan@cllr.dlrco.ie



An CLR **MELISA HALPIN** PSB
f/ch 13 Sráid Sheirse lochtarach,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 086 380 5793
RÍOMHPHOST: mhalpin@cllr.dlrco.ie



An CLR **JUSTIN MOYLAN** FF
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 313 8815
RÍOMHPHOST: jmoylan@cllr.dlrco.ie




An CLR **JULIET O'CONNELL** LO
59 Sráid Sheirse Uachtarach,
Dún Laoghaire

AN LEAS-CHATHAÓIRLEACH
FÓN PÓCA: 087 270 7745
RÍOMHPHOST: jconnell@cllr.dlrco.ie



An CLR **DAVE QUINN** DS
20 Ardán an Longfoirt
Baile na Manach

FÓN PÓCA: 087 247 3448
RÍOMHPHOST: dquinn@cllr.dlrco.ie



CILL INÍON LÉINÍN-SEANCHILL



An CLR **MICHAEL CLARK** FF
Oifig Fhianna Fáil,
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 109 4032
RÍOMHPHOST: mclark@cllr.dlrco.ie



An CLR **JIM GILDEA** FG
Mullach na Sí,
Bóthar Bhré, Seanchill

FÓN PÓCA: 086 813 1456
RÍOMHPHOST: jgildea@cllr.dlrco.ie



An CLR **HUGH LEWIS** PSB
179 Páirc Phlásóg na Fuinseoige,
An Baile Breac

FÓN PÓCA: 086 781 4523
RÍOMHPHOST: hlewis@cllr.dlrco.ie



An CLR **FRANK MCNAMARA** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 104 3210
RÍOMHPHOST: fmcnamara@cllr.dlrco.ie




An CLR **DENIS O'CALLAGHAN** LO
49 Páirc Ráth Salach, Seanchill

FÓN PÓCA: 086 278 5609
RÍOMHPHOST: denisoc@cllr.dlrco.ie



An CLR **UNA POWER** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 386 1048
RÍOMHPHOST: unapower@cllr.dlrco.ie



An CLR **CARRIE SMYTH** LO
Inislachan, Bóthar Ghort na
Mara, Cill Iníon Léinín

FÓN PÓCA: 086 383 5051
RÍOMHPHOST: carriesmyth@cllr.dlrco.ie

GLEANN CUILINN-ÁTH AN GHAINIMH



An CLR **LETTIE McCARTHY** LO
AN CATHAÓIRLEACH
23 Arda Chill Ghobáin,
An Chéim

FÓN PÓCA: 086 818 6718
RÍOMHPHOST: lmccarthy@cllr.dlrco.ie



An CLR **PATRICIA KINSELLA** NSP
5 Bót-har Dhroichead Bhaile an
Mhuilinn
Baile Átha Cliath 14

FÓN PÓCA: 086 461 1634
RÍOMHPHOST: pkinsella@cllr.dlrco.ie



An CLR **TOM MURPHY** FF
Tree Tops, Barr na Coille,
Áth an Ghainimh

FÓN PÓCA: 086 781 4515
RÍOMHPHOST: tmurphy@cllr.dlrco.ie



An CLR **OISÍN O'CONNOR** CG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 606 5648
RÍOMHPHOST: oconnor@cllr.dlrco.ie



An CLR **KAZI AHMED** FG
Cnoc na Spideoige,
Bóthar Áth an Ghainimh

FÓN PÓCA: 086 031 3448
RÍOMHPHOST: kahmed@cllr.dlrco.ie



An CLR **EMMA BLAIN** FG
f/ch Halla an Chontae dlr,
Dún Laoghaire

FÓN PÓCA: 087 715 2786
RÍOMHPHOST: eblain@cllr.dlrco.ie



An CLR **MICHAEL FLEMING** NSP
6 Lána na Céime,
Sráidbhaile na Céime

FÓN PÓCA: 086 020 1665
RÍOMHPHOST: mffleming@cllr.dlrco.ie